CINNEADH (CBES) 2022/2243 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Samhain 2022

lena seoltar Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/1968 an 17 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1968.

(2) An 8 Samhain 2022, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart an Plean Misin do EUMAM Ukraine a fhormheas.

(3) Mar thoradh ar an moladh ó Cheannasaí Mhisean an Aontais ar EUMAM Ukraine, ba cheart EUMAM Ukraine a sheoladh an 15 Samhain 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Plean Misin le haghaidh EUMAM Ukraine.

Airteagal 2

Seolfar EUMAM Ukraine an 15 Samhain 2022.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Samhain 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 270, 18.10.2022, lch. 85.